

# **An Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá COVID-19**

## **Réamhstaitisticí** (amhail an 25 Meitheamh 2020)

Tá na staitisticí seo sealadach agus déanfar athbhreithniú orthu

## Léargas ginearálta

Tá an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá COVID-19 (SFSP) ar fáil d'fhostóirí a choinníonn fostaithe ar an bpárolla le linn na paindéime COVID-19, rud a chiallaíonn go bhféadann fostóirí ceangal a choinneáil lena bhfostaithe nuair a thagann gnó ar ais chuige féin tar éis na géarchéime.

Tá an suirbhé á oibriú ag na Coimisinéirí Ioncaim tríd an gcóras párolla. Sa chéad chéim ón 26 Márta, aisíocadh fóirdheontas uasta de €410 le fostóirí incháilithe i leith gach fostaí incháilithe, is cuma ioncam an fhostaí sin. Ón 5 Bealtaine ar aghaidh, tá an SFSP bunaithe ar mheán-ghlanphá seachtainiúil gach fostaí incháilithe d'Eanáir agus Feabhra 2020, ríofa de réir na dtíolacthaí párolla a rinne an fostóir chuig na Coimisinéirí Ioncaim i leith na tréimhse sin.

\*\*\*\*\*

Tá breis agus 552,200 fostaí tar éis fóirdheontas a fháil ó thús na Scéime, tá 247,300 fostaí tar éis fóirdheontas a fháil le seachtain anuas agus tá sé measta go bhfuil **405,000 fostaí ag fáil tacaíochta ón Scéim, agus fóirdheontas faighte acu ina dtréimhse phá is déanaí.**

Tá breis agus 62,800 fostóir cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh an SFSP anois. **Tá breis agus 56,900 fostóir tar éis íocaíochtaí fóirdheontais a fháil faoin SFSP.**

Meastar go bhfuil 9,300 fostóir tar éis an Scéim a fhágáil, arb ionann é agus 54,600 den 150,000 eis-sreabhadh fostaí measta san iomlán.

Ar an 25 Meitheamh, tá breis íocaíochtaí fóirdheontais ginte ag na Coimisinéirí Ioncaim faoin scéim ar fiú €45 milliún iad. Beidh na híocaíochtaí seo ina gcuntas bainc ag an gcuid is mó de na fostóirí faoi seach faoin gcéad lá bainc éireachta eile. **Is ionann €1,698 milliún agus luach carnach na n-íocaíochtaí a rinneadh faoin Scéim.** San áireamh leis seo tá €145 milliún i gCáin Ioncaim atá íoctha agus a aisíocadh thar an tréimhse chéanna.

\*\*\*\*\*


Is éard atá sna táblaí ar na leathanaigh seo a leanas ná staitisticí maidir le fostóirí agus fostaithe. Léirítear sna táblaí seo eolas tosaigh agus réamheolas ar fhostóirí agus ar fhostaithe atá ag fáil na n-íocaíochtaí fóirdheontais a rinneadh faoin SFSP ó mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh, chomh maith le gluaiseachtaí isteach agus amach ón SFSP. Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag foilsíú eolas ar fhaighteoirí an SFSP de réir aoise, inscne agus earnála.<sup>1</sup>

\*\*\*\*\*

Tá tuilleadh eolais i dtaca le hoibriú an SFSP ar fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie). Féadtar fiosruithe staidrimh i ndáil leis an SFSP a sheoladh chuig [statistics@revenue.ie](mailto:statistics@revenue.ie).

<sup>1</sup> <https://www.cso.ie/en/statistics/labourmarket/liveregister/detailedcovid-19incomesupportandliveregistertables/>.  
Leathanach 2

**Tábla 1: Sreabhadh Fostaithe Isteach agus Amach ón SFSP in aghaidh na seachtaine**



Braitheann líon na bhfostaithe atá ag fáil fóirdheontas SFSP in aon seachtain amháin ar mhinicíocht phá na bhfostaithe sin (Tábla 2B).

Féadfaidh sé go ndéanfaí athbhreithnithe níos suntasaí ar na sonraí eis-sreafa is déanaí atá ar fáil de réir mar a athosclaíonn an geilleagar.


**Tábla 2: Costas an SFSP don Státhchiste**

Tá costas an TWSS don Státhchiste (Tábla 2A) in aon seachtain faoi leith ina fhachtóir de líon na bhfostaithe ar an Scéim (Tábla 1), a achar ama ar an Scéim (Tábla 2C), na minicíochtaí pá a tharlaíonn le linn na seachtaine (Tábla 2B) agus suimeanna an fhóirdheontais atá á n-íoc (Tábla 6).

**2A: Costas an SFSP don Státhchiste de réir Seachtaine**

Dáta	Costas Carnach € milliún	Seachtainiúil Costas € milliún
Go dtí an 9 Aibreán	155	155
An tSeachtain dar críoch an 17 Aibreán	300	145
An tSeachtain dar críoch an 23 Aibreán	430	130
An tSeachtain dar críoch an 30 Aibreán	712	282
An tSeachtain dar críoch an 7 Bealtaine	838	126
An tSeachtain dar críoch an 14 Bealtaine	936	98
An tSeachtain dar críoch an 21 Bealtaine	1,048	112
An tSeachtain dar críoch an 28 Bealtaine	1,244	196
An tSeachtain dar críoch an 4 Meitheamh	1,370	126
An tSeachtain dar críoch an 11 Meitheamh	1,485	115
An tSeachtain dar críoch an 18 Meitheamh	1,589	104
An tSeachtain dar críoch an 25 Meitheamh	1,698	109


**2B: Minicíochtaí Pá Fostaithe SFSP**



**2C: Achar ama na bhFostaithe aan SFSP**

Líon na Seachtainí ar an SFSP	Sciar na bhFostaithe SFSP Reatha
14	7%
13	20%
12	14%
11	6%
10	14%
9	17%
8	3%
7	2%
6	3%
5	6%
4	3%
3	2%
2	2%
1	0%
<b>Gach Fostaí</b>	<b>100%</b>

Tábla 3: Gluaiseachtaí idir na Scéimeanna agus chuig Fostaíocht



\*Sonraí de réir earnála ar fáil in Tábla 4; \*\*Sonraí de réir earnála ar fáil in Tábla 5.

**Tábla 4: Líon na bhFostaithe (i mílte) ag Bogadh ón SFSP go dtí Fostaíocht Neamh-SFSP**


Earnáil	Ag fanacht leis an bhFostóir Céanna			Fostaithe ag Fostóir Nua		
	Carnach	Ón 18 Bealtaine (Céim 1 den Athoscailt)	Ón 8 Meitheamh (Céim 2 den Athoscailt)	Carnach	Ón 18 Bealtaine (Céim 1 den Athoscailt)	Ón 8 Meitheamh (Céim 2 den Athoscailt)
Airgeadas & árachas	0.8	0.2	0.1	0.3	0.1	0.1
Déantúsaíocht	21	7.9	5.6	0.5	0.1	0.1
Eastát réadaigh	0.6	0.1	0.1	0.1	0	0
Faisnéis & cumarsáid	2	0.1	0	0.2	0	0
Iompar & stóráil	9.3	1.9	1.4	0.3	0.1	0.1
Lóistín & seirbhísí bia	2.4	0.6	0.5	0.2	0	0
Mianadóireacht & cairéalacht	0.6	0.3	0.1	0	0	0
Mórdhíol & miondíol	19.9	5.7	6.3	1	0.2	0.2
Obair sláinte & obair shóisialta	1.6	0.5	0.4	0.7	0.1	0.1
Oideachas	0.3	0	0	0.4	0.1	0.1
Riarachán poiblí & cosaint	0.1	0	0	0.7	0.2	0.1
Seirbhísí gairmiúla, eolaíochtúla & teicniúla	3.1	0.9	0.5	0.3	0.1	0
Seirbhísí riaracháin & tacaíochta	3.8	1.4	0.9	0.7	0.2	0.1
Talmhaíocht, foraoiseacht & iascaireacht	1.1	0.4	0.1	0.2	0.1	0
Tógáil	15.9	9.5	3.2	0.5	0.2	0.1
Gach gníomhaíocht eile	1.9	0.7	0.4	0.3	0.1	0
<b>Gach Earnáil</b>	<b>84.3</b>	<b>30.3</b>	<b>19.6</b>	<b>6.3</b>	<b>1.5</b>	<b>1</b>

**Tábla 5: Líon na bhFostaithe (‘i mílte) ag Bogadh ón IDP go dtí Fostaíocht SFSP (“Fostaithe athfhostaithe”) agus ón IDP go dtí fostaíocht Neamh-SFSP (“Fostaithe Nua”)**

Earnáil	Fostaithe athfhostaithe			Fostaithe Nua		
	Carnach	Ón 18 Bealtaine (Céim 1 den Athoscailt)	Ón 8 Meitheamh (Céim 2 den Athoscailt)	Carnach	Ón 18 Bealtaine (Céim 1 den Athoscailt)	Ón 8 Meitheamh (Céim 2 den Athoscailt)
Airgeadas & árachas	0.2	0.0	0.0	1.0	0.4	0.2
Déantúsaíocht	6.9	2.6	1.3	6.9	3.6	1.9
Eastát réadaigh	0.6	0.1	0.1	0.4	0.1	0.1
Faisnéis & cumarsáid	0.6	0.1	0.1	1.1	0.3	0.1
Iompar & stóráil	1.8	0.4	0.2	1.8	0.9	0.5
Lóistín & seirbhísí bia	10.5	2.1	1.9	2.7	0.9	0.7
Mianadóireacht & cairéalacht	0.1	0.0	0.0	0.3	0.2	0.1
Mórdhíol & miondíol	17.1	5.3	5.2	9.2	4.0	3.3
Obair sláinte & obair shóisialta	5.5	0.7	0.4	4.0	1.4	0.7
Oideachas	2.0	0.1	0.0	1.3	0.4	0.2
Riarachán poiblí & cosaint	0.1	0.0	0.0	1.4	0.5	0.3
Seirbhísí gairmiúla, eolaíochtúla & teicniúla	2.5	0.7	0.4	2.4	1.1	0.6
Seirbhísí riaracháin & tacaíochta	2.9	1.0	0.3	5.7	2.8	1.5
Talmhaíocht, foraoiseacht & iascaireacht	0.3	0.1	0.1	0.9	0.5	0.2
Tógáil	9.7	6.0	1.6	17.4	12.0	4.2
Gach gníomhaíocht eile	2.5	0.5	0.5	2.0	1.0	0.5
<b>Gach Earnáil</b>	<b>63.3</b>	<b>19.8</b>	<b>12.3</b>	<b>58.6</b>	<b>30.0</b>	<b>15.1</b>


Tábla 6: Pá Breise ag Fostóirí SFSP, Suim an Fhóirdheontais agus Barrchaolú

**Sciar na bhFostaithe SFSP atá ag fáil pá óna bhFostóirí in éineacht leis an bhFóirdheontas**




An tSeachtain dar críoch an 30 Márta  
An tSeachtain dar críoch an 6 Aibreán  
An tSeachtain dar críoch an 13 Aibreán  
An tSeachtain dar críoch an 20 Aibreán  
An tSeachtain dar críoch an 27 Aibreán  
An tSeachtain dar críoch an 4 Bealtaine  
An tSeachtain dar críoch an 11 Bealtaine  
An tSeachtain dar críoch an 19 Bealtaine  
An tSeachtain dar críoch an 26 Bealtaine  
An tSeachtain dar críoch an 2 Meitheamh  
An tSeachtain dar críoch an 9 Meitheamh  
An tSeachtain dar críoch an 16 Meitheamh

**Dáileadh Suimeanna SFSP d'Fhostaithe\***



**Sciar na bhFostaithe a bhfuil a bhFóirdheontas Barrchaolaithe\***


Faoi réir rialacha áirithe, beidh barrchaolú ar an bhfóirdheontas SFSP i bhfeidhm ar gach cás ina bhfuil an pá comhlán a íocann an fostóir móide suim an fhóirdheontais níos mó ná an meánghlanphá seachtainiúil roimhe seo. Cinntíonn sé seo nach mbeadh aon fhostaí níos fearr as faoin Scéim.



An tSeachtain dar críoch an 12 Bealtaine  
An tSeachtain dar críoch an 19 Bealtaine  
An tSeachtain dar críoch an 26 Bealtaine  
An tSeachtain dar críoch an 2 Meitheamh  
An tSeachtain dar críoch an 9 Meitheamh  
An tSeachtain dar críoch an 16 Meitheamh  
An tSeachtain dar críoch an 23 Meitheamh

\*Sa Chéim Oibríocháin (ón 5 Bealtaine ar aghaidh).

**Sciar Carnach na bhFostaithe le Fóirdheontas idir €351 agus €410\***



An tSeachtain dar críoch an 19 Bealtaine  
An tSeachtain dar críoch an 26 Bealtaine  
An tSeachtain dar críoch an 2 Meitheamh  
An tSeachtain dar críoch an 9 Meitheamh  
An tSeachtain dar críoch an 16 Meitheamh  
An tSeachtain dar críoch an 23 Meitheamh

Suíom an Phá Breisithe*	Sciar na bhFostaithe**
€1 - €100	42.8%
€101 - €200	32.6%
€201 - €300	11.7%
€300+	13.1%

Suímeanna na bPánna Breisithe Uile	100%
------------------------------------	------

\*Fostaithe a íoctar go seachtainiúil sa tseachtain is déanaí.

\*\*Fostaithe atá ag fáil pá breisithe.



Staitisticí na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá COVID-19  
 \*Sa Chéim Oibriúcháin (ón 5 Bealtaine ar aghaidh).

**Tábla 7: Fostaíocht, Pá agus Cáin/ÁSPC**

**Gach Fostaí\***

Mí	Líon na bhFostaithe	Pá Comhlán**	Meánphá Comhlán	Cáin Ioncaim Íoctha	MSU Íoctha	ÁSPC Fostaí	ÁSPC Fostóra	Líon na bhFostóirí
Eanáir	1.90m	€6,187m	€3,249	€1,077m	€211m	€220m	€595m	153,700
Feabhra	1.88m	€5,889m	€3,136	€1,073m	€209m	€212m	€563m	150,400
Márta	1.87m	€6,463m	€3,460	€1,272m	€252m	€233m	€608m	148,700
Aibreán	1.61m	€4,745m	€2,942	€842m	€169m	€166m	€423m	120,400
Bealtaine	1.57m	€4,387m	€2,787	€755m	€150m	€151m	€389m	124,300

**Fostaithe san SFSP faoi láthair amháin**

Mí	Líon na bhFostaithe	Pá Comhlán**	Meánphá Comhlán	Cáin Ioncaim Íoctha	MSU Íoctha	ÁSPC Fostaí	ÁSPC Fostóra	Líon na bhFostóirí
Eanáir	0.53m	€1,503m	€2,837	€191m	€39m	€54m	€145m	64,700
Feabhra	0.53m	€1,366m	€2,559	€176m	€35m	€49m	€132m	63,300
Márta	0.53m	€1,325m	€2,491	€164m	€32m	€47m	€126m	62,400
Aibreán	0.5m	€570m	€1,132	-€16m	€4m	€10m	€30m	56,600
Bealtaine	0.5m	€467m	€932	-€23m	€1m	€7m	€19m	59,100


\*Ní áirítear fostaíochtaí san earnáil phoiblí, ná daoine atá ag fáil pinsin cheirde (áirítear d'fhostaithe SFSP); \*\*Ní áirítear do shuim an fhóirdheontais i bpá comhlán fostaithe SFSP.

**Tábla 8: Fostóirí san SFSP**

Earnáil	Fostóirí SFSP mar % de na Fostóirí Uile*
Airgeadas & árachas	16%
Déantúsaíocht	51%
Na healaíona, siamsaíocht & fóillíocht	48%
Eastát réadaigh	28%
Fóntais	35%
Gníomhaíochtaí teaghlaigh mar fhostóirí	6%
Iompar & stóráil	40%
Lóistín & seirbhísí bia	36%
Oideachas	33%
Riarachán poiblí & cosaint	15%
Seirbhísí gairmiúla & teicniúla	35%
Seirbhísí riaracháin & tacaíochta	40%
Sláinte dhaonna & obair shóisialta	44%
Talmhaíocht, foraoiseacht & iascaireacht	8%
TFC & seirbhísí eile faisnéise	19%
Tógáil	42%
Trádáil mórdhíola & miondíola	46%
Seirbhísí eile	21%
<b>Gach Earnáil</b>	<b>35%</b>

Ríomhtar é in aghaidh líon iomlán na bhFostóirí cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Eanáir/mí Feabhra 2020, gan fostaithe san earnáil phoiblí nó soláthraithe pinsean san áireamh.

**Sciar na bhFostóirí SFSP ag fáil Aisíocaíochtaí**




■ Aisíocaíochtaí faighte le seachtain anuas

■ Aisíocaíochtaí faighte le mí anuas

Tábla 9: Faighteoirí SFSP (ó mhí an Mhárta 2020) de réir earnála\*

Earnáil	Sciar na bhFostaithe SFSP	Sciar na bhFostóirí SFSP
Airgeadas & árachas	1.4%	1.4%
Déantúsaíocht	14.1%	7.9%
Na healaíona, siamsaíocht & fóillíocht	2.4%	2.5%
Eastát réadaigh	1.4%	2.1%
Fóntais	0.8%	0.5%
Gníomhaíochtaí teaghlaigh mar fhostóirí	0.0%	0.1%
Iompar & stóráil	6.2%	3.9%
Lóistín & seirbhísí bia	10.1%	8.2%
Oideachas	2.2%	3.3%
Riarachán poiblí & cosaint	0.4%	0.7%
Seirbhísí gairmiúla & teicniúla	9.0%	13.6%
Seirbhísí riaracháin & tacaíochta	6.1%	4.7%
Sláinte dhaonna & obair shóisialta	5.4%	6.8%
Talmhaíocht, foraoiseacht & iascaireacht	0.9%	1.8%
TFC & seirbhísí eile faisnéise	1.8%	2.3%
Tógáil	11.4%	16.8%
Trádáil mórdhíola & miondíola	24.3%	20.1%
Seirbhísí eile	2.1%	3.2%
<b>Gach Earnáil</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>





\*Bunaithe ar earnáil príomhghníomhaíochtaí an fhostóra

**Tábla 10: Faighteoirí SFSP (ó mhí an Mhárta 2020) de réir Mhéid an Fhostóra\***


Rannóg sna Coimisinéirí Ioncaim	Sciar na bhFostaithe	Sciar na bhFostóirí
Rannóg na gCásanna Móra	13.7%	0.6%
Rannóg na bhFiontar Meánmhéide	41.4%	11.8%
Rannóg na gCánacha Gnó	41.2%	82.1%
Rannóg na gCánacha Pearsanta	3.9%	5.5%
<b>Gach Rannóg</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>

Líon na bhFostaithe SFSP	Sciar na bhFostaithe	Sciar na bhFostóirí
1-2	3.6%	25.1%
3-9	16.3%	43.0%
10-49	32.8%	26.1%
50-249	23.6%	5.0%
250+	23.7%	0.8%
<b>Raon Gach Fostaí SFSP</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>




Tábla 11: Faighteoirí SFSP (ó mhí an Mhárta 2020) de réir Ceantair\*

Fostaithe



Fostóirí



\*Bunaithe ar phríomhláthair an fhostóra.